Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Maoirseoir Gardaí Tarrthála Trá

# Eolas d'Iarratasóirí

## Feabhra, 2022

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Maoirseoir Gardaí Tarrthála Trá.

Tá sé beartaithe ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chur le chéile faoi choinne phost an Mhaoirseora Gardaí Tarrthála Trá, as a líonfaidh sí an folúntas (buan agus sealadach).

Is post séasúrach buan é post an Mhaoirseora Gardaí Tarrthála Trá ar feadh tréimhse de 10 mí ón 1ú Feabhra go dtí an 30ú Samhain gach bliain.

Beidh ar an iarrthóir rathúil tacaíocht a chur ar fáil d'Oifigeach Cósta na Comhairle de réir mar is gá ar feadh shéasúr an tsnámha.

## 2. Ról, Dualgais & Freagrachtaí

Seo a leanas liosta, nach bhfuil uile-ghabhálach, de dhualgais a mbeidh ar an iarrthóir rathúil iad a dhéanamh:

- Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú na ngardaí tarrthála ar 14 thrá ar fud chósta Chontae Dhún na nGall;
- Glacadh le freagracht bainistíochta as achan ghné den tarrtháil trá, lena n-áirítear, soláthar foirne do na stáisiúin tarrthála, uainchláir foirne, cúrsaí tuarastail, coinneáil taifead agus cur i bhfeidhm rialacha agus rialacháin trá ar feadh shéasúr an tsnámha.
- Cláir leanúnacha meastóireachta agus oiliúna gardaí tarrthála a thionscnamh agus a reáchtáil, lena n-áirítear, leibhéil riachtanacha éifeachtúlachtaí a chothú agus taifid a choinneáil;
- Taifid chigireachta a choinneáil i dtaca le gach trealamh tarrthála, stáisiúin garda tarrthála, éide agus trealamh cosanta pearsanta; obair chothabhála agus athchóirithe choisctheach a dhéanamh agus/nó a chomhordú, de réir mar is gá;
- Taifid ar ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí tarrthála gardaí tarrthála a iniúchadh agus a choinneáil; imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus timpistí; tuarascálacha bainteacha timpistí, teagmhais agus tarrthála éigeandála a ullmhú;
- Clár aclaíochta do ghardaí tarrthála trá a fhorbairt mar chuid den oiliúint inseirbhíse s'acu agus imeachtaí comórtais a eagrú do ghardaí tarrthála;

- Bheith ag obair le gardaí tarrthála trá d'fhonn ceisteanna atá ag cur as do bhaill foirne a shainaithint agus a fhuascailt;
- Freagairt do chásanna éigeandála éagsúla; ceannas agus stiúir a ghlacadh ar chásanna tarrthála, ag cuidiú nuair is gá;
- Idirchaidreamh a chothú le Sábháilteacht Uisce na hÉireann, le Garda Cósta na hÉireann, le Foras na Mara, etc, le plé le buarthaí áitiúla sábháilteachta uisce ar bith agus lena mbainistiú;
- Cigearacht a dhéanamh ar Bhaoithe Fáinne;
- Bheith ag tacú le cothabháil na dTránna Brait Ghoirm, na saoráidí i Muiríní Brait Ghoirm, le cothabháil na dTránna Cósta Glas agus le bainistiú na Limistéar Snámha ainmnithe;
- Aon dualgais agus freagrachtaí bainteacha eile, de réir mar is gá.

## 3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá sé dearbhaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí do phost an Maoirseoir Gardaí Tarrthála Trámar atá leagtha amach thíos:-

**(a)Aois:**

Ní mór iarrthóirí a bheith 18 mbliana d'aois, ar a laghad, tráth dháta druidte na n-iarratas.

**(b) Carachtar**

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

Tá iarrthóirí do phost an Maoirseoir Gardaí Tarrthála Tráfaoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Sula gceapfar iad, ní mór d'iarrthóirí dul faoi phróiseas Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus é a chur i gcrích go sásúil.

**(c) Sláinte**

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh cheapadh.

**(d) Oideachas, Taithí**

Ní mór d'iarrthóirí amhail an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:

- Dhá bhliain ar a laghad de thaithí mar gharda tarrthála trá, lena n-áirítear bliain amháin le freagracht maoirseachta, agus
- Ceadúnas tiomána bailí reatha i dtaca le feithiclí Chatagóir B.

Ní mór eolas maith oibre a bheith ag iarrthóirí ar:

- Prionsabail agus cleachtais na tarrthála trá agus na sábháilteachta uisce;
- Na bun-oibríochtaí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le clár tarrthála trá;
- Réamhchúraimí agus nósanna imeachta sábháilteachta iomchuí laistigh de réimse an tsannacháin;
- An dóigh le héagsúlacht de threalamh tarrthála trá agus éigeandála a úsáid;
- Tuiscint ar Fhodhlíthe agus Rialacháin Trá de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann a léiriú go bhfuil sé ar a gcumas an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Seasmhacht agus inniúlacht snámha a léiriú ag an leibhéal chuí le dualgais shannta a chur i gcrích (D'fhéadfadh sé go mbeadh ar iarratasóirí pas a fháil i dteist linn snámha sula gceapfaí iad);
- Dualgais garda tarrthála trá a dhéanamh nuair is gá (i.e. d'fhonn clúdach a chur ar fáil i gcás neamhláithreachtaí);
- Tarrtháil éigeandála uisce a stiúradh;
- Trealamh tarrthála trá agus éigeandála a úsáid agus a chothabháil;
- Na rialacha agus rialacháin trá is infheidhme a chur i bhfeidhm;
- Freagairt d'iarratais agus fiosrúcháin ón phobal i gcoitinne;
- Cumarsáid shoiléir bheacht a dhéanamh leis na meáin ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, ó bhéal agus i scríbhinn; agus

- Caidrimh éifeachtacha a bhunú agus a chothabháil.

**(e) Scileanna agus taithí inmhianaithe**

Bheadh ceann ar bith de na cáilíochtaí seo a leanas inmhianaithe fosta, cé nach mbeadh sé riachtanach:

- Oiliúint speisialta in oiliúint Gardaí Tarrthála Trá, sa Tarrtháil ar Uisce nó i réimse gaolmhar

- Cúrsa bailí iomchuí Céadfhreagróra Chairdiach (Athbheochan Chardascamhógach & Dífhibrileoir)

- Oiliúint Freagróra Garchabhrach

- Cúrsa Éigeandála Céadfhreagróra (EFR).

## 4. <u>Mionsonraí an Phoist</u>

**(a) Ginearálta**

Tá sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal iarrthóirí cáilithe a chruthú do phost an Maoirseoir Gardaí Tarrthála Trá (buan agus sealadach).

**(b) Promhadh**

Ceanglófar ar iarrthóirí a n-éireoidh leo a bheith ar promhadh go ceann tréimhse thosaigh, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle.

**(c) Luach Saothair**

Is é an scála tuarastail bliantúil reatha €41,814 ar a laghad go dtí uasmhéid LSI2 €49,935.
(de réir Chiorclán EL 01/2022).
(analógach chun críche tuarastail amháin le Teicneoir Grád I).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

**(d) Bunáit**
Cinnfidh an Chomhairle an bhunáit don phost.

D’fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Maoirseoir Gardaí Tarrthála Trá, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

**(f) Uaireanta Oibre**

37 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile. Mar gheall ar nádúr na hoibre, beidh gá le láithreacht ar obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, lena n-áirítear tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine.

**(g) Riachtanas Tiomána**

Beidh gá le hiarrthóirí:

a. ceadúnas tiomána iomlán chatagóir B reatha a bheith acu.
b. a bhfeithicil féin a bheith ar fáil lena húsáid agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus cumhdófar na costais ghaolmhara leis na liúntais chuí.
c. d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an iarrthóir rathúil feithicil a chuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall ar fáil a thiomáint ó am go chéile agus é nó í ag tabhairt faoi dhualgais arna sannadh ag an Chomhairle.

## 5. Próiseas Earcaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

- **Ná cuir CV isteach le d'iarratas.** Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.

- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán rphoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie

- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.

- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

**B. Gearrliostú**

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais**.**

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíre

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.*

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d’fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d’ainm, ina mbíonn go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d’fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d’iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d’fhoirm iarratais

a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse
agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo.
Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag:
www.donegalcoco.ie